gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin

Galway and Roscommon
Education and Training Board

SEIRBHÍS OIDEACHAIS POBAIL AN GRETB

FOIRM IARRATAIS AR DHEONTAS

FORBHREATHNÚ AR SCÉIM DEONTAIS OIDEACHAIS POBAIL AN GRETB

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Tugann Seirbhís Oideachais Pobail an GRETB tacaíocht do ghrúpaí pobail trí mhaoiniú nó teagascóir a chur ar fáil chun críche oideachais pobail. Seo a leanas na róil agus freagrachtaí atá i gceist leis an scéim:

UAIREANTA TEAGASCÓRA	DEONTAS
RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ AN GHRÚPA: • An riachtanas foghlama a aithint i gcomhairliúchán le foghlaimeoirí, gníomhaireachtaí eile agus leis an GRETB. • An cúrsa a fhógairt agus foghlaimeoirí a dhíriú chuig an gcúrsa le haghaidh a gclárúcháin. • Tacú le foghlaimeoirí nach bhfuil ag freastal ar an gcúrsa, agus tabhairt faoi na gníomhartha a leanann uaidh sin. **RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ AN GRETB:** • Teagascóir a aimsiú agus a íoc chun an cúrsa a thabhairt. • Ábhar, tráthchlár agus fad an chúrsa a aontú leis an ngrúpa. • An cúrsa a fhógairt agus, sa chás gur ghá, foghlaimeoirí a earcú. • Oibriú leis an ngrúpa chun ionad atá feiliúnach a eagrú. • Ábhair cúrsa a chur ar fáil nuair is gá. • Pacáiste eolais agus na foirmeacha ábhartha a chur ar fáil don teagascóir. • Oibriú leis an teagascóir chun a chinntiú go gcomhlánófar gach páipéarachas agus go seolfar ar ais é.	**RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ AN GHRÚPA:** • Teagascóir a aimsiú agus a íoc chun an cúrsa a thabhairt. • An riachtanas foghlama a aithint i gcomhairliúchán le foghlaimeoirí, gníomhaireachtaí eile agus leis an GRETB. • Ionad atá feiliúnach don chúrsa a aimsiú. • Ábhair atá ábhartha don chúrsa a aimsiú. • An cúrsa a fhógairt agus foghlaimeoirí a earcú. • Oibriú leis an teagascóir chun a chinntiú go gcomhlánófar na Foirmeacha Clárúcháin agus na Bileoga Rolla – **Bíonn PPS, Dáta Breithe agus Síniú ag teastáil ó gach foghlaimeoir chun clárúchán a chinntiú.** • Tacú le foghlaimeoirí nach bhfuil ag freastal ar an gcúrsa, agus tabhairt faoi na gníomhartha a leanann uaidh sin. **RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ AN GRETB:** • Pacáiste eolais a chur ar fáil ina bhfuil na foirmeacha atá ábhartha don ghrúpa pobail. • Ábhar, tráthchlár agus fad an chúrsa/clár a phlé leis an ngrúpa. • Oibriú leis an ngrúpa ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go seolfar gach páipéarachas ar ais.

TREOIRLÍNTE DON DEONTAS OIDEACHAIS POBAIL/IARRATASOIRÍ AR UAIREANTA TEAGAISC

1. CUSPÓIR

Is é an cuspóir atá ag an Scéim Deontais d'Oideachas Pobail/Uaireanta Teagaisc tionscadail oideachais pobail a chur chun cinn agus/nó a fhorbairt i suíomhanna áitiúla pobail. Féachann an Scéim Deontais d'Oideachas Pobail/Uaireanta Teagaisc le deiseanna a chruthú do dhaoine chun a riachtanais foghlama féin a aithint, foghlaim ina bpobail féin agus tacú le conairí forchéimnithe ón mbonn pobail tábhachtach seo. Beifear ag súil go mbeidh sé mar thoradh air sin go ngabhfaidh pobail le próiseas cumhachtaithe agus athruithe.

2. AIDHM

Is é an aidhm atá leis an scéim seo go mbeidh siad siúd is mó atá eisiata páirteach i gcúrsaí oideachais pobail chun go gcothófaí a muinín, go gcumhachtófaí mar dhaoine aonair iad páirt a ghlacadh san earnáil oideachais agus go cabhróidis lena bpobal a fhorbairt.

3. SPRIOCANNA

- Chun a chinntiú go nglacfaidh na pobail **is mó atá eisiata** páirt i dtionscadail oideachais pobail;
- Chun daoine a chumhachtú, agus chun tógáil ar a n-acmhainn a bheith páirteach i dtionscadail oideachais agus i saol an phobail;
- Chun spreagadh a thabhairt d'fhorchéimniú do ghrúpaí nó daoine aonair sa chás gur chuí;
- Chun faisnéis agus taighde a thiomsú, agus an t-eolas sin a úsáid chun múnlaí dea-chleachtais a fhorbairt agus chun ligint do roinnt faisnéise;
- Chun spreagadh a thabhairt d'fhoghlaimeoirí an timpeallacht shóisialta agus pholaitiúil a bhfuil siad ina gcónaí ann a thuiscint.

4. SPRIOCGHRÚPAÍ

- Iad siúd a bhfuil an scoil fágtha luath acu
- Iad siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach
- Teaghlaigh nach bhfuil ach tuismitheoir amháin ann
- Iad siúd a bhfuil mí-úsáid bainte as substaintí acu
- Imirceoirí/lucht iarrtha tearmainn/dídeanaithe
- Oibrithe tearcfhostaithe/seisiúin/séasúracha
- Iad siúd atá faoi mhíchumas
- A gcleithiúnaithe siúd atá dífhostaithe
- Iarchiontóirí
- An lucht siúil
- Iad siúd atá gan dídean
- Daoine níos sine
- Iad siúd nach bhfuil mórán scileanna acu agus nach bhfuil páirteach san fhórsa oibre
- Fir agus mná faoi mhíbhuntáiste, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí i gceantair tuaithe agus a mbaineann riochtaí leithlise leo, nó atá ina gcónaí i limistéir RAPID
- Iad siúd atá idir 18-25 agus nach bhfuil páirteach sa chóras oideachais

5. AN CINEÁL TACAÍOCHTA A THAIRGTEAR

Féadfaidh Grúpaí Pobail cur isteach ar Dheontas Oideachais Pobail nó Uaireanta Teagaisc Oideachais Pobail. Ní ceadmhach do ghrúpaí ach cineál amháin tacaíochta a roghnú. Coimeádann GRETB dó féin an ceart Uaireanta Teagaisc a leithdháileadh fiú más fearr le grúpa Deontas a fháil.

5.1 Deontas Oideachais Pobail

De réir fhorálacha Scéim Deontais Oideachas Pobail an GRETB, bronnfar deontas ar iarratasóirí rathúla chun costas na gcúrsaí atá comhaontaithe leis an tSeirbhís a chumhdach. Is ar na grúpaí a bheidh an fhreagracht as teagascóir a fhostú agus as gach gné eile d'eagrú an chúrsa. Is féidir leis an maoiniú na nithe seo a leanas a chumhdach:

- Costais teagasóra (**ní mór 70% ar a laghad** den deontas a leithdháiltear a chaitheamh ar tháillí teagascóra);
- Seomra a fhruiliú;
- Ábhair;
- Fógraíocht;
- Sólaistí.

NÓ

5.2 Uaireanta Teagaisc Oideachais Pobail

De réir fhoralacha Scéim Uaireanta Teagaisc Oideachas Pobail an GRETB, leithdháilfear teagascóir ón GRETB ar iarrthóirí ráthúla chun na cúrsaí atá comhaontaithe a dhéanamh. D'fheafadh maoiniú a bheith ar fáil freisin (ach ná déantar talamh slán de) do chostais eile cosúil le:

- Seomra a fhruiliú;
- Fógraíocht;
- Soláistí.

6. MAOINIÚ

Is é €2,200 an deontas is mó a bhronnfar ar aon ghrúpa.

Má éiríonn le hiarratas grúpa, **scaoilfear 100% den leithdháileadh don ghrúpa tar éis do gach ceann de na cúrsaí a bheith déanta agus gach páipéarachas i.e. bileoga tinrimh, foirmeacha clárúcháin agus an bhileog ioncaim agus caiteachais a bheith leagtha isteach.**

Ní mór foirm RAA (Ríomhaistriú Airgid) a leagan isteach in éineacht le gach iarratas gach bliain.

Seans go gcuirfear isteach ar mhaoiniú sa todhchaí má chliseann ar an ngrúpa na taifid seo a chomhlánú.

6.1 Tabharfar tús áite do:

- Grúpaí atá ag díriú go soiléir ar dhaoine fásta nach bhfuil aon cháilíocht fhoirmeálta acu, nó a bhfuil leibhéal cáilíochtaí íseal acu;
- Grúpaí pobail a bhfuil daoine atá ag obair in aisce i gceannas orthu;
- Grúpaí i limistéir RAPID agus CLAR
- Grúpaí ata ar an bhfód cheana féin atá in ann a thaispeáint go bhfuiltear nuálaíoch ó thaobh cúrsaí a roghnú agus gabháil le baill nua.

6.2 Níl maoiniú ar fáil do:

- Grúpaí nach bhfuil liostáilte sna spriocghrúpaí (Rannán 4 den Leabhar Tagartha);
- Clubanna/Grúpaí Óige nó Cumainn Spóirt;
- Sócmhainní/ábhair ionaid pobail, cosúil le ríomhairí, cócairí, boird etc;
- Leabhair agus foilseacháin;
- Na gníomhaíochtaí céanna a bhfuair grúpaí maoiniú dóibh cheana féin; ní mór do na grúpaí sin conairí forchéimnithe a aithint do rannpháirtithe nó a bheith in ann a thaispeáint go soiléir go bhfuiltear ag earcú daoine nua do chúrsaí;
- Cúrsaí a bhfuil maoiniú ar fáil dóibh ó fhoinsí eile;
- Ionaid oiliúna a bhfuil maoiniú a fháil acu cheana féin ón GRETB.

7. DÍCHÁILIÚ / COINBHLEACHT LEASA

- Dícháileofar iarratas aon ghrúpa ar dheontas/uaireanta teagaisc do Ghrúpaí Pobail má dhéantar canbhasáil.
- Ní féidir leis na teagascóirí ata molta a bheith ar an gcoiste iarratais. Meastar gur coinbhleacht leasa é sin, agus is údar dícháilithe é.
- Ní ceadmhach do na teagascóirí atá molta iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. Meastar gur coinbhleacht leasa é sin, agus is údar dícháilithe é.
- Ní ghlacfar le hiarratais nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán; ní mór gach iarratas a bheith faighte laistigh den spriocdháta atá leagtha síos.

8. CÚRSAÍ CÁNACH

Seo a leanas seasamh an GRETB maidir le cúrsaí cánach na gcomhlachtaí deonacha a bhfuil deontas i gcabhair á fháil acu:

Éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar eagraíochtaí a bhfuil idir €635.00 agus €6349.00 á fháil acu uimhir thagartha chánach a fháil mura bhfuil stádas carthanais acu. Is féidir an uimhir sin a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an oifig chánach áitiúil. Is é 091 563041 uimhir theileafóin na hOifige Cánach Áitiúla nó is féidir glaoch ar Íosghlao 1890 777 425.

Ní mór d'eagraíochtaí deonacha uimhir thagartha chánach a leagan isteach.

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

CUIR MARC SA BHOSCA IN AICE LEIS AN MAOINIÚ A BHFUIL TÚ AG CUR ISTEACH AIR

IARRATAS AR DHEONTAS		IARRATAS AR UAIREANTA TEAGASCÓRA	
Aimsigh agus íoc do Theagascóir féin		Cuirfidh GRETB teagascóir ar fáil duit	

An dáta deireanach a nglacfar le hiarratais: **Dé hAoine 10ú Nollaig 2021**

RANNÁN I: SONRAÍ NA NEAGRAÍOCHTAÍ ATÁ AG DÉANAMH AN IARRATAIS

1. Ainm an Ghrúpa: _____

2. Ainm Teagmhála: _____

3. Seoladh do Chomhfhreagras: _____

4. Seoladh Ríomhphoist: _____

5. Uimh. Theileafóin: | | | | | | | | | | |

6. Liostáil anseo ainmneacha na mball coiste seo a leanas:

Post	Ainm	Uimhir Theileafóin
Cathaoirleach		
Rúnaí		
Cisteoir		

7. Liostáil **aidhmeanna agus cuspóirí** do ghrúpa

(i.e. Céard atá do ghrúpa ag súil a bhaint amach/a athrú i do phobal?)

RANNÁN II: SPRIOCGHRÚPAÍ

8. Tabhair **meastachán ar líon na ndaoine** ó na spriocghrúpaí thíos a ghlacfaidh páirt sa chúrsa/cúrsaí atá molta agat:

Luathf-hágálaithe scoile		Dífhostaithe go fadtéarmach		Teaghlaigh aon tuismitheora		Mí-úsáideoirí	
Imirceoirí/ Lucht Iarrtha Tearmann / Dídeanaithe		Oibrithe tearcfhostaithe / Seisiúin/ Séasúracha		Iad siúd atá faoi mhíchumas		A gcleithiúnaithe iad siúd atá dífhostaithe	
Iar-chiontóirí		An Lucht Siúil		Iad siúd gan dídean		Daoine níos sine	
Iad siúd ar bheagán scileanna atá lasmuigh den		Fir atá faoi mhíbhuntáiste, go háirithe i riochtaí leithlise faoin tuath, nó i limistéir RAPID				Iad siúd atá idir 18-25 bliain agus a bhfuil an córas oideachais fágtha acu	
		Mná atá faoi mhíbhuntáiste, go háirithe i riochtaí leithlise faoin tuath, nó i limistéir					

9. Cén chaoi a n-earcaíonn tú foghlaimeoirí nua go dtí do ghrúpa/ranganna?

RANNÁN III: SONRAÍ AN CHÚRSA

10. Na cúrsaí atá molta:
(Liostáil gach cúrsa, agus fad an chúrsa)

Ainm an Chúrsa:	Líon Seach-tainí:	Líon Uaireanta in aghaidh na seachtaine:	Túsdháta Beartaithe	Am agus Lá atá Beartaithe (Maidin/Trathnóna)
1.				
2.				
3.				

11. Cén chaoi ar aithin tú an gá atá ann don chúrsa seo?

12. Céard atá nua nó nuálaíoch faoin ngníomhaíocht foghlama atá molta agat?

13.

Céard iad na tairbhí a bhainfidh d'fhoghlaimeoirí/pobal as na cúrsaí: (Cuir tic sa bhosca)	**Tá**	**Níl**
a) Seans níos fearr ag na rannpháirtithe post a fháil		
b) An pobal a neartú		
c) Feabhas a chur ar leas na rannpháirtithe/forbairt phearsanta		
d) Tacaíocht bhreise don teaghlach		
e) Eile (tabhair sonraí):		

14. An bhfuil ionad aimsithe agat do do chúrsa/cúrsaí?

Tá		**Níl**	

Má tá, tabhair na sonraí seo a leanas:

Ainm & seoladh an ionaid				
Úinéir an ionaid				
An bhfuil clúdach árachais chun dáta ag do ghrúpa?	Tá		Níl	
An bhfuil an t-ionad atá le húsáid comhlíontach le riachtanais sláinte, sábháilteachta agus leasa?	Tá		Níl	

DEONTAS AMHÁIN (comhlánaigh an rannán seo má tá tú ag cur isteach ar dheontas)

15. Ainm an Teagascóra/na dTeagascóirí _____

16. Uimhir Chánach (féach an nóta atá istigh leis seo)

(Má tá iarratas ar dheontas á dhéanamh agat agus má tá an tsuim níos mó ná €635, leag isteach uimhir thagartha cánach nó uimhir stádais carthanais do ghrúpa. Féach ar na treoirlínte.)

RANNÁN IV: COSTAS AN CHÚRSA

17. Tabhair sonraí faoi gach cúrsa agus a chostas
– roghnaigh Deontas nó Uaireanta Teagascóra – ná roghnaigh an dá rud

		Deontas	Uaireanta Teagascóra
Costas Teagascóra	Cúrsa 1:		
	Cúrsa 2:		
	Cúrsa 3:		
	Costais Teagascóra san iomlán:		
Costais an Ionaid	Cúrsa 1:		
	Cúrsa 2:		
	Cúrsa 3:		
	Costais an Ionaid san iomlán:		
Costais na nÁbhar	Cúrsa 1:		
	Cúrsa 2:		
	Cúrsa 3:		
	Costais na nÁbhar san iomlán:		
Costais Eile	Cúrsa 1:		
	Cúrsa 2:		
	Cúrsa 3:		
	Costais eile san iomlán:		

A. Costas iomlán measta:		
B. An líon ioncaim ó fhoinsí eile:		
C. Costais gan íoc: (A-B):		

18. Céard iad na nósanna imeachta atá ag do ghrúpa chun ioncam, caiteachas agus fáltais a bhainistiú?

Deimhnímid, a bhfuil ár gcuid sínithe thíos, go bhfuil gach faisnéis atá san fhoirm iarratais seo chun dáta, ar fáil agus cruinn. Tuigimid agus glacaimid go mbronnfar aon deontas a d'fhéadfadh a bheith leithdháilte ar an ngrúpa pobail ar bhunús an Chomhaontaithe Deontais leis an GRETB mar atá leagtha amach sa chéad rannán eile.

Síniú (1):

Priontáil Ainm:

Ról san Eagraíocht:
(e.g. Cathaoirleach, Rúnaí)

Dáta:

Síniú (2):

Priontáil Ainm:

Ról san Eagraíocht:
(e.g. Cathaoirleach, Rúnaí)

Dáta:

Seol an t-iarratas comhlánaithe ar ais faoin Aoine 11ú Nollaig 2021 ag 5.00pm chuig:

Sabrina Kenny
Oideachais Pobail GRETB Sráid Bhéal Átha Liag Baile Ros Comáin, Co. Ros Comáin F42 NA72
Ní glacfar ach le cóip crua den foirm iarratais

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

FOIRM ÚDARÁIS RÍOMHAISTRIÚ AIRGID

Seoltar foirmeacha comhlánaithe chuig: Cuntais Iníoctha, Airgeadas, Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe nó seol sonraí chuig accounts.payable@gretb.ie

Ainm Cuideachta:	
Seoladh:	
An Cineál Seirbhís:	
Uimhir Thagartha Cánach/Uimhir Charthanachta/Uimhir Cháin Bhreisluacha:	
Uimhir Sholáthraí:	(don oifig amháin)
Uimhir Theileafóin:	
Ríomhphost:	
Ainm an Bhainc:	
Seoladh an Bhrainse:	
Cód Sórtála:	- - Uimhir Chuntais Bainc:
IBAN:	
BIC/SWIFT:	
Sínithe:	Dáta:

Stampa Cuideachta

Le do thoil, cuir do shíniú isteach sa bhosca seo mura bhfuil stampa cuideachta agat.

Uimhir Rochtana Deimhniú Cánach:	
Bailí go dtí:	

Tairgeann an Bord raon seirbhísí trí Ghaeilge agus fáiltítear roimh chomhfhreagras i nGaeilge agus i mBéarla.
eolas@gretb.ie **info@gretb.ie** **www.gretb.ie**

Ceanncheathrú Bhord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin,
An Coiléar Bán,
Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.
GRETB Headquarters,
An Coiléar Bán,
Athenry, Co. Galway.
t: 091 874500

Fo-oifig Bhord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin,
Sráid Bhéal Átha Liag,
Ros Comáin.
GRETB Sub-office,
Lanesboro Street,
Roscommon.
t: 090 6626151

Ionad Oiliúna Bhord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin,
Páirc Gnó Mervue,
Mervue, Gaillimh.
GRETB Training Centre,
Mervue Business Park,
Mervue, Galway.
t: 091 706200

DEONTÓIR: Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Scéim Tacaíochta Oideachais Pobail

*** Coinnigh an Comhaontú Deontais in éineacht le taifid do ghrúpaí trí na leathanaigh seo a scoitheadh nó a fhótachóipeáil.

Sa chomhaontú thíos, tagraíonn 'deontas' agus 'deontas i gcabhair' d'aon airgead no uaireanta teagascóra a d'fhéadfadh Seirbhís Oideachais Pobail GRETB (an deontóir) a leithdhéileadh ar an ngrúpa pobail (deontaí).

1. Sprioc agus Cuspóir:

1.1. Tá an deontas i gcabhair seo á bhronnadh i ndáil leis an iarratas/togra a cuireadh faoi bhráid an Bhord Oideachais agus Oiliúna agus ní mór é a chaitheamh de réir na dtéarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thíos. **Ní** ceadmhach aon athrú úsáide ná atreorú den mhaoiniú a dhéanamh gan comhaontú a bheith faighte roimh ré ó Phríomhfheidhmeannach an Bhord Oideachais agus Oiliúna. Déan teagmháil leis an Éascaitheoir Oideachais Pobail chun aon athrú a phlé.

2. Prionsabail do Dheontaithe:

2.1. Tugtar an deontas seo ar bhunús na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan amach i gCiorclán 13/2014 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ón Státchiste. Ceann de choinníollacha an mhaoinithe go gcomhlíonfaidh an deontaí leis an Ráiteas Prionsabal do Dheontaithe. **(FÉACH AGUISÍN 1 ATÁ CEANGAILTE LEIS SEO)**

2.2. Bronntar an maoiniú seo faoin Scéim Tacaíochta Oideachais Pobail agus ní mór do gach grúpa a bheith sásta feidhmiú de réir shainmhíniú agus phrionsabail an Oideachais Pobail agus cinntiú go bhfuil siad chun tosaigh i gcónaí agus iad i mbun a gcuid oibre. **(FÉACH AGUISÍN 2 ATÁ CEANGAILTE LEIS SEO)**

2.3. Ba cheart gach clár oideachais pobail atá maoinithe ag an GRETB a thairiscint in aisce dóibh siúd a bhfuil a leibhéal oideachais níos ísle ná leibhéal uachtarach an dara leibhéal agus/nó iad siúd atá faoi bhuntáiste oideachais nó sóisialta. D'fhéadfaí táille ainmniúil a ghearradh i gcúinsí faoi leith chun cabhrú le costais choimhdeacha a chlúdach, e.g. tae/caife, costas an tseomra etc. Iarr faomhadh roimh ré ón GRETB sula socraíonn sibh táille cúrsa.

2.4. Ní mór an t-airgead/na huaireanta a leithdháileadh ar an ngrúpa a úsáid laistigh den bhliain inar leithdháileadh iad. **Ní féidir airgead a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad bhliain fhioscach.**

2.5. Níl sé le tuiscint ó dheontas/uaireanta teagaisc a bheith bronnta ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ar aon ghrúpa go dtabharfar tacaíocht dó sa todhchaí.

3. Íocaíocht:

3.1. Ní dhéanfar íocaíochtaí don deontaí ach amháin nuair atá siad le híoc, ag teacht le téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe seo. I gcás ró-íocaíocht deontais, gheobhaidh an deontóir aisíocaíocht. Níl sé le tuiscint ón deontas i gcabhair seo go mbeidh iallach ar an mBord Oideachais agus Oiliúna maoiniú a thabhairt don ghrúpa sa todhchaí don togra seo ná d'aon togra eile.

3.2. Déanfar íocaíocht amháin, arb ionann í agus 100% den deontas a bronnadh, tar éis don fhoirm ioncaim agus caiteachais a bheith faighte, chomh maith leis na leabhair tinrimh, foirmeacha le sonraí na bhfoghlaimeoirí agus an fhoirm maidir leis an socrú íocaíochta.

3.3. Cinntigh go gcoinneoidh do ghrúpa gach fáltas a bhaineann leis an deontas chun críche iniúchta.

3.4. Ní mór suim nach lú ná **70%** de do leithdháileadh deontais a chaitheamh ar **Tháillí Teagascóra.**

3.5. Is €40 in aghaidh na huaire an t-uasmhéid atá le híoc le teagascóir.

3.6. Íocfar deontais ceithre huaire in aghaidh na bliana: Márta, Meitheamh, Meán Fómhair agus Samhain.

4. Tuairisciú:

4.1. Leagfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna amach na nósanna imeachta monatóireachta agus measúnaithe. Ní mór don ghrúpa cloí leis na nósanna imeachta sin. Cuirfidh an Bord Oideachais agus Oiliúna tuairiscí dul chun cinn ar fáil, mar aon le ráitis ioncaim agus caiteachais de réir mar a theastaíonn siad.

4.2. **Ní mór an Fhoirm Tionscanta agus Foirmeacha Rollaithe na rannpháirtithe a sheoladh ar ais chuig an Éascaitheoir Oideachais Pobail laistigh de choicís ó thús an chúrsa. Ní mor an Bhileog Tinrimh a sheoladh ar ais go díreach tar éis chríochnú an chúrsa.**

4.3. **Maidir le hairgead a leithdháileadh ar ghrúpaí, ní mór ráiteas deireanach ioncaim agus caiteachais a sholáthar don Bhord Oideachais agus Oiliúna laistigh de mhí tar éis críochnú gach cúrsa nó faoin 1ú Samhain 2022, cibé acu is túisce.**

5. Fíordheimhniú:

5.1. Cuirfidh an ghníomhaireacht/grúpa nósanna imeachta cuntasaíochta cuí i bhfeidhm, agus déanfar éascaíocht d'oifigeach tarmligthe ón mBord Oideachais agus Oiliúna rochtain a fháil ar ráitis iniúchta, ar chaiteachas le fáltais, ar chuntais bainc nó leithéidí de thaifid eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an úsáid a baineadh as maoiniú a fhíordheimhniú.
Ba cheart do ghrúpaí taifid airgeadais a choinneáil ar feadh trí bliana tar éis dóibh deontas a fháil.

5.3. Cuirfidh an grúpa a uimhir thagartha chánach nó a uimhir stádais charthanais ar fáil d'oifig an Bhord Oideachais agus Oiliúna, mar aon le deimhniú imréitigh cánach (mura bhfuil ceann ar taifead ag an ETB cheana féin) nó ráiteas a thugann le fios go bhfuil gnóthaí cánach an ghrúpa faighteora in ord, de réir mar is cuí. **(FÉACH AGUISÍN 2 ATÁ CEANGAILTE LEIS SEO)**

6. Aitheantas a thabhairt don Deontas:

6.1. **Ní mór** tacaíocht Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin a bheith aitheanta ag an ngrúpa i ngach ábhar fógraíochta agus promóisin cosúil le fógraí, comharthaíocht, eagarfhocail, fógraí sna nuachtáin, fótaisheisiúin, taibhléirithe etc. Áirítear leis sin úsáid an lógó ag teacht leis na treoirlínte atá leagtha síos le haghaidh a úsáide (tá na treoirlínte agus an lógó ar fáil ón GRETB).

7. Árachas:

7.1. Cinnteoidh an deontaí go mbeidh polasaithe árachais dóthanacha i bhfeidhm i gcónaí i ndáil le gach rannpháirtí le linn dóibh a bheith ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí a bhfuil an deontas seo ag tacú leo. Ní bheidh aon dliteanas ar an deontóir as aon ghortú, caillteanas ná damáiste de chineál ar bith do dhuine ar bith mar thoradh ar aon ghníomh, mainneachtain nó neamhghníomh a bhfuil rannpháirtí freagrach as ina leithéidí de ghníomhaíochtaí.

8. Sláinte agus Sábháilteacht:

8.1. Is ar an ngrúpa atá an fhreagracht as riachtanais sláinte agus sábháilteachta. Ní mór gach gníomhaíocht atá maonithe ag an GRETB a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha, agus áirítear leis sin an t-ionad, an teagascóir, rannpháirtithe agus cuairteoirí.

9. Leas leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta leochaileacha a chumhdach

9.1. Aontaíonn an deontaí polasaithe agus nósanna imeachta soiléire a choinneáil chun go gcosnófaí agus go gcumhdófaí leas leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta leochaileacha agus comhlíonfaidh sé gach riachtanas faoin dlí agus gach treoirlíne náisiúnta maidir le cosaint leanaí, cosaint daoine scothaosta leochaileacha agus maidir le tuairisciú mí-úsáide, nó líomhaintí mí-úsáide. Tá an deontaí freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar gach ball foirne, fostaí agus oibrí deonach, agus as cinntiú go bhfuil siad oiriúnach, agus geallann sé a chinntiú go ndéanfar grinnfhiosrúchán cuí ar dhaoine a bhfuil rochtain acu i rith a ngníomhaíochtaí ar leanaí nó daoine scothaosta leochaileacha, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána san áireamh. Cuirfidh an deontaí fianaise ar fáil don deontóir go bhfuil sé comhlíontach leis an riachtanas seo ach é a iarraidh.

10. Fostaíocht Teagascóirí:

10.1. **Maidir le hairgead a leithdháiltear ar ghrúpaí, is iad na grúpaí atá freagrach as teagascóirí a fhostú** agus as cinntiú go bhfuil an teagascóir ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu maidir le coinneáil taifead i.e. clár tinrimh na rannpháirtithe, foirmeacha tionscanta agus foirm rollaithe na rannpháirtithe.

10.2. **Maidir le huaireanta teagasóra a leithdháiltear ar ghrúpaí, cuirfidh an GRETB teagascóir ar fáil don ghrúpa** agus íocfaidh siad an teagascóir sin. Cinnteoidh siad freisin go bhfuil na teagascóirí ar an eolas faoina n-oibleagáidí.

11. Comhionannas agus Cuimsiú Sóisialta:

11.1. Glacfaidh an grúpa go bhfeidhmeofar na cúrsaí atá faofa ar bhunús cuimsithe shóisialta agus nach ndéanfaidh an deontaí leithcheal ar aon cheann de na naoi bhforas atá liostáilte san Acht um Stádas Comhionann. Is iad sin: Inscne, Claonadh Gnéis, Míchumas, Stádas Pósta, Creideamh, Cine, Stádas Teaghlaigh, Aois, Ballraíocht den Lucht Siúil. D'fheadfaí a iarraidh ar an deontaí an céanna a thaispeáint.

12. Forchéimniú:

12.1. Ní mór do gach grúpa a bhfuil maoiniú faighte aige a bheith sásta cruinniú a sceidealú leis an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

13. Mainneachtain comhlíonadh leis an gcomhaontú:

13.1. Má chliseann ar an deontaí comhlíonadh le haon cheann de na téarmaí agus coinníollacha atá sa chomhaontú seo, d'fhéadfadh an deontóir iarraidh orthu déanamh amhlaidh laistigh de 14 lá. Má chliseann ar an deontaí comhlíonadh i ndiaidh a leithéid d'iarratas a bheith déanta, coinneofar an maoiniú uile siar, nó an sciar sin den mhaoiniú a chinnfidh an deontóir, ón deontaí, nó aistarraingeofar ó aon deontas sa todhchaí é, más ann dó.

14. An Comhaontú a Fhoirceannadh:

14.1. Beidh an ceart ag an deontóir an comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra míosa a thabhairt don deontaí agus gan dochar dá chearta agus dá leigheasanna eile sa chás go gcliseann ar an deontaí comhlíonadh le téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe seo agus leis na hoibleagáidí atá leagtha amach ann. Beidh éifeacht láithreach ag a leithéid de chealú tar éis do litir cealaithe a bheith faighte ón deontóir agus, i gcás cealaithe, ní dhéanfar aon éileamh i gcoinne an deontóra maidir le haon chaillteanas ná damáiste a éiríonn as a leithéid de chealú. Mar sin féin, mura bhfuil an clár atá aontaithe tosaithe mí amháin tar éis an dáta tosaithe a bhí beartaithe, féachfar ar an conradh seo a bheith foirceanta go huathoibríoch.

15. Cosaint Sonraí agus Rúndacht

15.1. Aontaíonn an deontaí comhlíonadh le gach riachtanas arna leagan amach san Acht um Chosaint Sonraí (1988 agus 2003) agus le gach riachtanas faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018 (GDPR). Tugann an deontaí geallúint don deontóir go gcoinneofar faoi rún agus sábháilte aon/gach faisnéis i ndáil le cúrsaí gnó an deontóra agus aon fhaisnéis phríobháideach maidir le rannpháirtithe ar an gcúrsa a fuarthas de bhun glacadh leis an gcomhaontú seo.

AGUISÍN 1

Ráiteas Priosabal do Dheontaithe

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

An bhfuil maoiniú poiblí á fháil agat? Déanann an ráiteas seo cur síos ar na ceithre phrionsabal a bhaineann le hábhar i gcás comhlachtaí a bhfuil deontas i gcabhair á fháil acu go díreach nó go hindíreach ó fhoinsí Státchiste:

Soiléire	Rialachas	Luach ar Airgead	Cothroime

Má tá maoiniú poiblí á fháil agat, ba cheart duit féachaint do na nithe seo a leanas:

Soiléire	**Rialachas**
• Cuspóir agus coinníollacha an mhaoinithe a thuiscint, mar aon leis na haschuir atá de dhíth. • An maoiniú a úsáid chun na críocha gnó sin ar cuireadh ar fáil lena n-aghaidh amháin é. • Cur isteach ar na cistí a tharraingt anuas nuair atá siad ag teastáil chun críocha gnó. • Soiléire a iarraidh ón deontóir nuair is gá – maidir le húsáid cistí, rialachas agus socruithe cuntasachta	*Cinntiú go bhfuil socruithe cuí ann do na nithe seo a leanas:* • Maoirseacht agus riaradh an mhaoinithe. • Cistí a rialú agus iad a chosaint ó mhí-úsáid, mí-leithghabháil agus ó chalaois. • Taifid chuntasaíochta atá in ann faisnéis airgeadais iontaofa a chur ar fáil ag am ar bith maidir le cuspóir agus feidhmiú an mhaoinithe phoiblí, mar aon leis an méid den mhaoiniú ata fágtha. • Cuntasaíocht a dhéanamh ar mhéid agus ar fhoinse an mhaoinithe, an chaoi ar cuireadh i bhfeidhm é agus ar aschuir/torthaí.
Luach ar Airgead	**Cothroime**
A bheith in ann fianaise a chur ar fáil maidir le: • Úsáid éifeachtach cistí. • An luach a baineadh amach ó úsáid na gcistí. • Diomailt agus ragairne a sheachaint.	• Cistí poiblí a bhainistiú go hionraic agus go macánta. • Gníomhú ar bhealach atá comhlíontach leis na dlíthe agus oibleagáidí ábhartha (e.g. cáin, íos-tuarastail). • Earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach atá cothrom agus trédhearcach. • Gníomhú go cothrom, go freagrach agus go hoscailte i do chuid déileálacha le do Dheontóir.

AGUISÍN 2

Sainmhíniú an Oideachais Pobail:

"Community Education is education and learning which is rooted in a process of empowerment, social justice, change, challenge, respect and collective consciousness. It is within the community and of the community, reflecting the developing needs of individuals and their locale. It builds the capacity of local communities to engage in developing responses to educational and structural disadvantage and to take part in decision-making and policy formation within the community. It is distinct from general adult education provision, due to both its ethos and to the methodologies it employs." (AONTAS, 2004, p18)

Saintréithe an Oideachais Pobail

- Comhionannas
- Cuimsiú sóisialta
- Rannpháirtíocht
- Forchéimniú
- Dírithe ar an bhFoghlaimeoir
- Úinéireacht an Phobail

AGUISÍN 3

An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha

Seo a leanas seasamh an GRETB maidir le cúrsaí cánach na gcomhlachtaí deonacha a bhfuil deontas i gcabhair á fháil acu:

Éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar eagraíochtaí a bhfuil idir **€635.00 agus €6349.00** a fháil acu uimhir thagartha chánach a fháil mura bhfuil stádas carthanais acu. Is féidir an uimhir sin a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an oifig chánach áitiúil.

Is é 091 563041 uimhir theileafóin na hOifige Cánach Áitiúla nó is féidir glaoch ar Íosghlao 1890 777 425.

Ní mór d'eagraíochtaí deonacha na nithe seo a leanas a leagan isteach:

- Uimhir Thagartha Chánach/Uimhir Charthanais